C/2026/2456

27.4.2026

Foilsiú na teachtaireachta maidir le leasú caighdeánach formheasta ar shonraíocht táirge le haghaidh tásc geografach i gcomhréir le hAirteagal 5(4) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/27 ón gCoimisiún [1]

(C/2026/2456)

FORMHEAS AR LEASÚ CAIGHDEÁNACH A CHUR IN IÚL

(Airteagal 24 de Rialachán (AE) 2024/1143)

‘Anjou-Coteaux de la Loire’

Uimhir thagartha AE: PDO-FR-A0405-AM05 — 9.2.2026

1. **Ainm an táirge**

‘Anjou-Coteaux de la Loire’

2. **Cineál an táisc gheografaigh**

☑ ATFC

☐ TGFC

☐ TG

3. **Earnáil**

☐ Táirgí talmhaíochta

☑ Fíonta

☐ Deochanna biotáilleacha

4. **Tír ar léi an limistéar geografach**

an Fhrainc

5. **An Ballstát atá ag cur an leasaithe chaighdeánaigh in iúl**

Ainm

An Aireacht Talmhaíochta agus Bhiafhlaithis, Ard-Stiúrthóireacht Fheidhmíocht Eacnamaíoch agus Chomhshaoil na bhFiontar

6. **Incháilitheacht mar leasú caighdeánach**

Measann údaráis na Fraince go gcomhlíonann an t-iarratas ceanglais Rialacháin (AE) Uimh. 1308/2013 agus (AE) 2024/1143.

Is leasuithe caighdeánacha iad na leasuithe ar an tsonraíocht táirge sin mar a shainmhínítear in Airteagal 24(4) de Rialachán (AE) 2024/1143.

[1] Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/27 ón gCoimisiún an 30 Deireadh Fómhair 2024 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle le rialacha a bhaineann le tásca geografacha, sainearraí traidisiúnta faoi ráthaíocht agus téarmaí roghnacha cáilíochta a chlárú agus a chosaint agus lena n-aisghairtear Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 664/2014 (IO L, 2025/27, 15.1.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2025/27/oj).

Ní bhaineann an t-iarratas ar leasú ar an ATFC 'Anjou-Coteaux de la Loire' le haon cheann de na trí chás ar leasú ar leibhéal an Aontais iad; go sonrach:

(a) níl i gceist leis athrú ar ainm ná ar úsáid an ainm, ná ar na táirgí ná ar chatagóir na dtáirgí arna n-ainmniú leis an tásc geografach;

(b) níl an baol ann dá dheasca go gcuirfí an nasc leis an limistéar geografach ar neamhní;

(c) níl srianta breise ar mhargú an táirge i gceist leis.

Measann údaráis na Fraince dá bhrí sin gur le haghaidh leasú 'caighdeánach' an t-iarratas.

7. **Tuairisc ar an leasú caighdeánach (nó ar na leasuithe caighdeánacha) formheasta**

Teideal

Lipéadú

Tuairisc

Chinn an grúpa táirgeoirí le haghaidh an ATFC 'Anjou-Coteaux de la Loire' aonad geografach níos mó a úsáid chun na fíonta a ainmniú, agus roghnaigh sé an téarma 'Vin de Loire' in ionad 'Val de Loire'.

Tagann an fhorbairt sin sna sála ar threoirlínte cumarsáide a ghlac táirgeoirí fhíonta Loire.

Is é an aidhm atá ann an tsainiúlacht a dhéanamh níos soiléire agus í a ailíniú níos dlúithe leis na fíorfhíonta a dhéanann táirgeoirí in abhantrach an Loire.

☑ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

DOICIMÉAD AONAIR

Ainmniúcháin tionscnaimh agus tásca geografacha i ndáil le fíon

'Anjou-Coteaux de la Loire'

Uimhir thagartha AE: PDO-FR-A0405-AM05 — 9.2.2026

1. **Ainm (nó ainmneacha)**

'Anjou-Coteaux de la Loire'

2. **Cineál an táisc gheografaigh**

☑ ATFC

☐ TGFC

☐ TG

3. **Tír ar léi an limistéar geografach críochaithe**

An Fhrainc

4. **Aicmiú an táirge talmhaíochta i gcomhréir leis an gceannteideal agus leis an gcód Ainmníochta Comhcheangailte, dá dtagraítear in Airteagal 6(1) de Rialachán (AE) 2024/1143**

2204 – Fíon ó fhíonchaora úra, lena n-áirítear fíonta treisithe; úrfhíon fíonchaor seachas é sin atá faoi cheannteideal 2009

5. **Catagóirí na dtáirgí fíniúna mar a liostaítear i gCuid II d'Iarscríbhinn VII a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013**

1. Fíon

6. **Tuairisc ar an bhfíon nó ar na fíonta**

Táirge fíniúna

Fíonta geala

Tréithe orgánaileipteacha

Cuma

Is fíonta geala socra iad sin a dhéantar as fíonchaora a bhuaintear nuair a bhíonn siad ró-aibí.

Dea-bholadh

Lena dea-bholaithe casta na bhfíonta, ar dea-bholaithe bláthanna, torthaí úra nó fiú torthaí triomaithe nó criostalaithe, tugann siad an *douceur angevine* chun cuimhne – milsecaht réigiún Anjou.

Blas

Is féidir mealltacht na bhfíonta a bhfuil an t-ainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint 'Anjou-Coteaux de la Loire' acu a bhrath le himeacht aimsire agus iad bog cosúil leis an Loire sa samhradh, nó fairsing cosúil leis an Loire nuair a chuireann sí thar bruach sa gheimhreadh. Is saintréith de chuid na bhfíonta seo í an ghalántacht.

Faisnéis bhreise maidir le tréithe orgánaileipteacha

—

Saintréithe anailíseacha

Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte):	18
Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte):	—
Aigéadacht iomlán íosta:	—
Aonad aigéadachta iomláine íosta:	i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir
Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir):	25
Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir):	—

Faisnéis bhreise maidir le saintréithe anailíseacha

Is fíonta geala socra iad sin a dhéantar as fíonchaora a bhuaintear agus iad ró-aibí (tiúchan nádúrtha ar an bhfíniúin, in éineacht le lobhadh uasal nó gan é).

Tá na nithe seo a leanas i gceist leo: neart alcóil nádúrtha íosta 14 % de réir toirte; méid siúcra choipthigh (glúcós agus fruchtós) ann i ndiaidh coipeadh atá níos mó ná 34 g/l nó cothrom leis. Is é 11 % an neart alcóil iarbhír íosta de réir toirte i gcás fíonta ag a bhfuil neart alcóil nádúrtha de réir toirte níos lú ná 18 %. Tá an cion iomlán aigéid agus an cion iomlán dé-ocsaíde sulfair mar atá leagtha amach i reachtaíocht an Aontais.

☑ Tá aon saintréith anailíseach nach léirítear sa roinn seo laistigh de na teorainneacha a leagtar síos i reachtaíocht an Aontais is infheidhme.

7. **Cleachtais fhíoneolaíocha**

7.1. *Cleachtais fhíoneolaíocha shonracha a úsáidtear chun an fíon nó na fíonta a dhéanamh, srianta ábhartha maidir lena ndéanamh*

Cleachtas fíoneolaíoch

Saibhriú

Cineál cleachtais fhíoneolaíoch

Cleachtas fíoneolaíoch sonrach

Tuairisc

Ceadaítear saibhriú de réir na rialacha atá leagtha amach sa tsonraíocht.

Cleachtas físeolaíoch

Sliseanna adhmaid a úsáid

Cineál cleachtais fhíoneolaíoch

Cleachtas físeolaíoch sonrach

Tuairisc

Toirmisctear sliseanna adhmaid a úsáid. Anuas ar na forálacha thuasluaite, is gá go gcomhlíonann na cleachtais físeolaíochta a bhaineann leis na físeanta sin na ceanglais a leagtar síos ar leibhéal an Aontais Eorpaigh agus sa Chód um Ghnóthaí Tuaithe agus um Iascaireacht Mhuirí.

Cleachtas físeolaíoch

Dlús

Cineál cleachtais fhíoneolaíoch

Modh fáis

Tuairisc

Is é 4 000 planda in aghaidh an heicteáir dlús plandaithe íosta na bhfíniúnacha. Níor cheart spásáil idir na sraitheanna fíniúna a bheith níos mó ná 2,50 méadar, agus ní mór an spásáil idir plandaí sa tsraith chéanna a bheith 0,90 méadar ar a laghad. Bíonn an bhuain físeochaor incháilithe d'ainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint má thagann sí ó dháileachtaí físeoghort ina bhfuil spásáil 0,80 méadar ar a laghad ach spásáil is lú ná 0,90 méadar idir plandaí sa tsraith chéanna, i gcás ina bhfuil siad ar fhánaí níos mó ná 10 %. I gcás ina bhfuil 3 300 planda ar a laghad in aghaidh an heicteáir ach níos lú na 4 000 planda in aghaidh an heicteáir i gceist leis an dlús plandaithe sna dáileachtaí físeoghort, tá an bhuaint incháilithe d'ainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint ar choinníoll go gcomhlíontar na rialacha maidir le treilísiú agus airde duilliúir a leagtar síos sa tsonraíocht seo. Níor cheart an spásáil idir na sraitheanna fíniúna a bheith níos mó ná 3 mhéadar, agus ní mór an spásáil idir plandaí sa tsraith chéanna a bheith 1 mhéadar amháin ar a laghad.

Cleachtas físeolaíoch

Prúnaí

Cineál cleachtais fhíoneolaíoch

Modh fáis

Tuairisc

Prúnáiltear na fíniúnacha agus 12 bhachlóg ar a mhéad in aghaidh an phlanda i gceist, gan beann an úsáidtear modh prúnála spoir, prúnála cána nó prúnála measctha. Ag an gcéim fheineolaíoch a chomhfhreagraíonn do 11 duilleog nó do 12 dhuilleog (bachlóga aonair), níor cheart go mbeidh níos mó ná 12 ghéag ar a bhfuil torthaí don bhliain in aghaidh an phlanda.

Cleachtas físeolaíoch

Buaint

Cineál cleachtais fhíoneolaíoch

Modh fáis

Tuairisc

Buaintear na físeochaora de láimh in iarrachtaí iomadúla.

Cleachtas físeolaíoch

Uisciú

Cineál cleachtais fhíoneolaíoch

Modh fáis

Tuairisc

Toirmisctear uisciú.

Cleachtas fíoneolaíoch

Aosú

Cineál cleachtais fhíoneolaíoch

Cleachtas fíoneolaíoch sonrach

Tuairisc

Ní mór na fíonta a aosú go dtí an 15 Eanáir ar a laghad den bhliain i ndiaidh na buainte.

7.2. *Uastáirgeacht*

Gach fíon / catagóir / cineál / cineál

Fíonta geala

Uastáirgeacht:

Uastáirgeacht:	40
Aonad uastáirgeachta:	heictilítir in aghaidh an heicteáir

8. **Léiriú ar an gcineál nó cineálacha fíonchaor óna dtáirgtear an fíon nó na fíonta**

— Chenin B

9. **Sainmhíniú achomair ar an limistéar geografach críochaithe**

1. *Limistéar geografach*

Tarlaíonn gach céim den táirgeadh sa limistéar geografach, lena gcuimsítear bardais roinn Maine-et-Loire a ainmnítear thíos, ar bhonn Chód Geografach Oifigiúil 2023: Bouchemaine, Chalonnes-sur-Loire, Champtocé-sur-Loire, Ingrandes-Le Fresne-sur-Loire (*críoch iar-bhardas Ingrandes amháin*), Mauges-sur-Loire (*críoch na mbardas tarmligthe Mesnil-en-Vallée, Montjean-sur-Loire agus La Pommeraye amháin*), La Possonnière, Saint-Georges-sur-Loire, Saint-Germain-des-Prés.

Is féidir breathnú ar léarscáileanna a thaispeánann an limistéar geografach ar shuíomh gréasáin na hInstitiúide Náisiúnta Tionscnaimh agus Cáilíochta.

10. **Nasc leis an limistéar geografach**

Catagóirí na dtáirgí fíniúna

1. Fíon

Achoimre ar an nasc

1. Faisnéis maidir leis an limistéar geografach

a) Tuairisc ar na tosca nádúrtha atá ábhartha don nasc

Comhfhreagraíonn an limistéar geografach do na fánaí scealla atá taobh le bruacha Abhainn an Loire. Is í an chuid is faide siar de na fíonghoirt í lena mbaineann an t-ainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint 'Anjou'. In 2021, cumhdaíodh ocht mbardas in iarthar roinn Maine-et-Loire. Tosaíonn sé ar imeall Angers, i mbardas Bouchemaine, áit a dtagann aibhneacha an Loire agus an Maine le chéile, sula leanann siad ar aghaidh ar an dá thaobh den abhainn, chomh fada le Ingrandes agus Le Mesnil-en-Vallée, i dtreo Nantes. Tá tionchar mór ag an abhainn ar an méisea-aeráid. Tá na fíonghoirt suite ar na fánaí is gaire do bhruach na habhann agus ní shíneann siad níos faide ná 3 chiliméadar ó bhruach na habhann. Thairis sin, ó thuaidh agus ó dheas, is móinéir agus coillearnach atá sa tírdhreach den chuid is mó. Cuirtear topagrafaíocht na bhfíonghort, agus na fánaí éagsúla i gceist leo, in iúl leis an ainm 'Coteaux de la Loire' [*coteaux* = fánaí]. Tá codarsnacht idir fánaí géara bhardas Bouchemaine agus na fánaí i bhfad níos réidhe i mbardais Ingrandes agus Saint-Georges-sur-Loire. Díorthaítear ithreacha dáileachtaí talún atá críochaithe go sonrach le haghaidh fíonchaora a bhuain ó phríomhfhoirmíochtaí éagsúla an Massif Armarcach. Is ithreacha scealla nó scealla/gaineamhchloiche iad atá lagfhorbartha. Is féidir roinnt ithreacha forbartha a dhíorthaítear ó charraig bholcánach agus roinnt ithreacha aolchloiche donna Deavónach a fháil anseo freisin. Is ithreacha an-éadomhain iad seo, an

bhuncharraig suite ag doimhneacht níos lú ná 0,40 m de ghnáth. Níl aon chosúlacht gur ann do hidreamorfacht agus tá cúltaiscí uisce an-íseal acu. Aeráid aigéanach atá i gceist. Maolaítear cineál aigéanach na haeráide le héifeacht an Foehn ó ardtailte Mauges ar thaobh thiar na bhfíonghort. Is é 650 milliméadar an mheánfhrasaíocht bhliantúil, agus tá foscadh ag an limistéar geografach ina iomláine ó ghaoth thais; bíonn níos mó ná 800 milliméadar i gceist leis an meánfhrasaíocht bhliantúil ar ardtailte Mauges. Tá ról ag an Loire freisin maidir le teochtaí a rialú i rith na bliana. Chomh maith le topagrafaíocht, is gné fhíor-thábhachtach í treoshuíomh na bhfánaí freisin. Ar an mbruach ar dheis, tá suíomh maith ag na fíonghoirt ó dheas ós rud é go bhfuil foscadh ann ón ngaoth fuar aduaidh. Ar an mbruach ar chlé, súnn an abhainn an t-aer fuar amach as an timpeallacht agus tá ról mór aige sin maidir leis na fánaí a bhfuil a n-aghaidh ó thuaidh a théamh. Tá foscadh ón ngaoth le fáil i roinnt suíomhanna sa ghleann agus ardaíonn an teocht iontu. Ar deireadh, tá ról lárnach ag an Loire le linn na tréimhse buainte trí chuidiú le ceo na maidine a chruthú, atá fíor-riachtanach chun 'lobhadh uasal' a fhorbairt.

b) Tuairisc ar na tosca daonna atá ábhartha don nasc

Téann stair fhíonghoirt Anjou chomh fada siar leis an 9ú céad, cé go bhfuil an chéad tagairt bheacht d'fhíonghoirt 'Coteaux de la Loire' le feiceáil in 1749 in 'Traité sur la nature et la culture de la vigne', tráchtas le Bidet agus Duhamel de Monceau, ina luaitear go bhfuil 'an talamh, atá an-deacair a ghlanadh, forbartha go hiomlán anois agus curtha le fíniúnacha...' sna fíonghoirt sin. Léirítear le bille a bhí os comhair na Comhairle Stáit maidir le bearta riaracháin a glacadh in 1804 nach dtáirgeann an réigiún ach fíonta geala: 'Níl fánaí an Loire oiriúnach ach amháin do tháirgeadh fíonta geala, agus is cuid mhór den gheilleagar áitiúil iad na fíonta seo...'. Déantar tagairt sa bhille don Bheilg freisin, áit a raibh dúil ag muintir na háite i bhfíonta 'Coteaux de la Loire'. Níos déanaí, sa bhliain 1842, scríobh Auguste Petit-Lafitte gurb é 'Gros Pineau, nó Chenin, an príomhchineál fíniúna'. Is iad fíonghoirt Anjou cliabhán an chineáil fíniúna Chenin B. Cineál crua atá ann, athraíonn a acmhainneacht go mór de réir an chineáil ithreach nó, ar bhonn níos ginearálta, an áit a bhfuil sé curtha. Thuig táirgeoirí go han-tapa gur cheart an cineál sin a bhuain ag céim níos déanaí den aibíocht, agus teicnící sonracha á n-úsáid. Scríobh Cunta Odart an méid seo a leanas ina thráchtas 'Traité des cépages' in 1845: 'Ba cheart dúinn coinníoll a chur leis gan na fíonchaora a bhuain go thart ar Lá Fhéile na Naomh Uile, nuair a bhíonn na fíonchaora ró-aibí agus a gcraiceann morgthach tar éis don bháisteach é a dhéanamh bog.' Dá bhrí sin, is cuid lárnach den bhuaint í an ró-aibíocht. Ina shaothar ó 1816 'Topographie de tous les vignobles connus', thug Jullien faoi deara 'I mblianta maithe an fhíona, buantar na fíonchaora cúpla uair; an chéad dá uair, ní bhuantar ach na fíonchaora is aibí, chun fíonta a tháirgeadh le haghaidh onnmhairiú; táirgeann an tríú fómhar fíonta lena gcaitheamh ag muintir na Fraince...'. Mar sin féin, d'fhorbair saothrú fíniúna sna fíonghoirt seo ar an mbealach céanna agus a d'fhorbair sa chuid eile de Anjou. Mar thoradh ar theacht cheannaithe na hIsiltíre sa 16ú céad, tháinig fás ar an margadh 'fíonta don fharraige', i.e. lena n-onnmhairiú, a tháirgtear ó fhíniúnacha atá prúnáilte go gearr (aon nód amháin nó dhá nód). Tháinig fás ar mhargadh intíre na Fraince – i bPáras den chuid is mó – sa tréimhse sin agus fíonta ar lú a gcáil á dtáirgeadh ó fhíniúnacha atá prúnáilte go fada (sé nó seacht nód). Ag deireadh an Dara Cogadh Domhanda, tosaíodh ar fhíonta 'leath-thirime' a tháirgeadh go príomha, fíonta atá cosúil leis na 'fíonta do Pháras' sna seanlaethanta. Rinneadh iarracht arís le linn na 1980í chun fíonta lena mbaineann sainiúlacht láidir agus tiúchan ard siúcra a tháirgeadh. Meastar gur fíonta móra 'milse' (fíonta 'síoróipeacha' a thugtar orthu go háitiúil) Anjou iad na fíonta a bhfuil an t-ainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint 'Anjou-Coteaux de la Loire' orthu.

2. Faisnéis maidir le cáilíocht agus saintréithe an táirge

Is é a ngalántacht príomhshainthréith na bhfíonta. Lena dea-bholaithe casta, ar dea-bholaithe bláthanna, torthaí úra nó fiú torthaí triomaithe nó criostalaithe, tugann na fíonta seo an *douceur angevine* chun cuimhne – mánlacht réigiún Anjou. Bíonn idir míne agus úire le brath orthu sa bhéal. Is féidir mealltacht na bhfíonta a bhfuil an t-ainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint 'Anjou-Coteaux de la Loire' acu a bhrath le himeacht aimsire agus iad réidh cosúil leis an Loire sa samhradh, nó láidir cosúil leis an Loire nuair a chuireann sí thar bruach sa gheimhreadh.

3. Idirghníomhaíochtaí cúisíocha

Táthar in ann an leas is fearr is féidir a bhaint as an gcineál Chenin B a bhuí leis an meascán d'ithreacha éadoimhne agus topagrafaíocht a fhágann gur ann do threoaíocht den scoth, rud a áiríonn soláthar tráthrialta uisce. Is féidir leis na fíonchaora an leibhéal aibíochta is fearr a bhaint amach mar gheall ar shuíomh na bhfíonghort – in aice leis an Loire, a rialaíonn teochtaí i rith an timthrialla fáis – agus mar gheall ar bhainistiú oiriúnach, go háirithe prúnáil spoir. Is féidir leis na fíonchaora ró-aibíocht a bhaint amach mar gheall ar an Loire freisin a sheolann an ghaoth i dtreo na bhfíonghort, rud a chuidíonn go meicniúil le triomú na bhfíonchaor agus trí éirí an cheocháin maidine, atá ríthábhachtach d'fhorbairt *Botrytis cinerea* agus, dá bhrí sin, 'lobhadh uasal'. Fanacht go dtí go bhfuil na fíonchaora ró-aibí; an bhuaint a fhágáil go dtí go bhfuil chuid mhaith den fhómhar thart; agus iad a bhuain de láimh níos mó ná aon iarraidh amháin laistigh d'aon dháileacht talún amháin chun caora a roghnú atá tiubhaithe go nádúrtha nó a

mbíonn tionchar ag 'lobhadh uasal' orthu (iad 'tromaithe'): leis na cleachtais sin, léirítear saineolas na dtáirgeoirí agus feiliúnacht ar leith chineál Chenin B. Thug Guillory tuairisc ar an bhfeiliúnacht sin in 1861: 'Le fíorbheagán eisceachtaí, déantar an bhuaint i mí Dheireadh Fómhair, tráth a mheastar go bhfuil na fíonchaora breá aibí agus nuair a bhíonn tionchar ag lobhadh uasal ar an gceathrú cuid díobh ar a laghad.' Táirgtear fíonta an-úrnua mar gheall ar an timpeallacht shonrach den sórt sin, cineál fíniúna a oireann go breá dó, agus saineolas áitiúil a bhaineann leas as na cáilíochtaí uile atá aige. Tá go leor tagairtí do cháil na bhfíonta sin, lena n-áirítear ceann ag Petit-Lafitte, a scríobh: 'Nuair a dhéantar na fíniúnacha sin a phrúnáil le nód amháin nó dhá nód, táirgeann siad fíonta síoróipeacha, íogaire a chuirfear anonn chuig an mBeilg'. Maidir le Guillory Mór, scríobh sé an méid seo a leanas i bhFeasachán Cuideachta Talmhaíochta agus Tionscail Angers in 1861: 'Níl an talamh seo thar a bheith feiliúnach do bharra eile toisc go mbeadh costas mór i gceist leis an talamh a réiteach, mar níl sé ró-thorthúil; ar an gcúis sin, ní tháirgeann sé flúirse fíona; mar sin, murach cáilíocht an fhíona, a choinníonn an praghas sách ard, b'éigean éirí as saothrú fíniúna anseo.'

11. **Tuilleadh ceanglas is infheidhme**

Teideal an cheanglais/an mhaolaithe

Limistéar díreach in aice láimhe

Creat dlíthiúil

Reachtaíocht náisiúnta

Cineál an cheanglais breise / an mhaolaithe breise

Maolú maidir le táirgeadh sa limistéar geografach críochaithe

Tuairisc ar an gceanglas/ar an maolú

Sa limistéar atá díreach in aice láimhe, arna shainiú ag maolú maidir le fíonta a tháirgeadh agus a aosú, cuimsítear críoch na mbardas seo a leanas, ar bhonn Chód Geografach Oifigiúil 2021: - roinn Loire-Atlantique: Vair-sur-Loire (críoch na mbardas tarmligthe Anetz amháin); - roinn Maine-et-Loire: Chaudefonds-sur-Layon, Denée, Mauges-sur-Loire (críoch na mbardas tarmligthe La Chapelle-Saint-Florent, Le Marillais, Saint-Florent-le-Vieil agus Saint-Laurent-du-Mottay), Rochefort-sur-Loire, Savennières, Val-du-Layon (críoch na mbardas tarmligthe Saint-Aubin-de-Luigné amháin).

I gcomhréir le hAirteagal 5(1) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/33 ón gCoimisiún, comhfhreagraíonn an limistéar atá díreach in aice láimhe do limistéar atá díreach in aice leis an limistéar críochaithe atá i gceist.

Teideal an cheanglais/an mhaolaithe

Lipéadú

Creat dlíthiúil

Reachtaíocht náisiúnta

Cineál an cheanglais breise / an mhaolaithe breise

Forálacha breise a bhaineann le lipéadú

Tuairisc ar an gceanglas/ar an maolú

Faoi rialacha an Aontais, féadfaidh na Ballstáit úsáid téarmaí roghnacha a rialú. Ar na lipéid, níor cheart méid na litreacha a úsáidtear le haghaidh téarmaí den sórt sin a bheith níos mó, ar airde, ar leithead ná ar thiús, ná dhá oiread mhéid na litreacha lena gcruthaítear ainm an ainmniúcháin tionscnaimh faoi chosaint.

Teideal an cheanglais/an mhaolaithe

Sainiúlacht an ainm 'Vin de Loire'

Creat dlíthiúil

Reachtaíocht náisiúnta

Cineál an cheanglais / an mhaolaithe breise

Forálacha breise a bhaineann le lipéadú

Tuairisc ar an gceanglas/ar an maolú

Níor cheart méid na litreacha d'ainm geografach 'Vin de Loire', a bheith níos mó, ar airde ná ar leithead, ná dhá thrian de mhéid na litreacha ina scríobhtar ainm an ainmniúcháin tionscnaimh faoi chosaint.

Teideal an cheanglais/an mhaolaithe

Lipéadú: Aonad geografach níos lú

Creat dlíthiúil

Reachtaíocht náisiúnta

Cineál an cheanglais bhreise / an mhaolaithe breise

Forálacha breise a bhaineann le lipéadú

Tuairisc ar an gceanglas/ar an maolú

I gcás fíonta lena ngabhann an t-ainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint, féadfar aonad geografach níos lú a shonrú ar a lipéid, ar choinníoll gurb amhlaidh an méid a leanas: - ainm áite is ea é a liostaítear i gclárlann na talún; - tá sé le feiceáil ar an dearbhú buana. Beidh ainm na háite priontáilte i litreacha nach mó, ar airde ná ar tiús, ná leath de mhéid na litreacha ina bhfuil ainm an ainmniúcháin tionscnaimh faoi chosaint scríofa.

Tagairt leictreonach (URL) d'fhoilsiú na sonraíochta táirge

https://info.agriculture.gouv.fr/boagri/document_administratif-12714a08-279b-49f8-9933-5ee9d3d49a09